



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0344(COD)

14265/22
ADD 1

ENV 1092
CLIMA 558
AGRI 600
FORETS 110
ENER 553
TRANS 677
CODEC 1645

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 540 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 6
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 540 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 6.

Faoi iamh: COM(2022) 540 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 6



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 540 final

ANNEXES 1 to 6

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht
Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a
chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin
cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce**

{SEC(2022) 540 final} - {SWD(2022) 540 final} - {SWD(2022) 543 final}

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.1.1 go 1.1.4:

1.1.1. Aibhneacha

Eilimintí bitheolaíocha

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhlóra uiscigh

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhána inveirteabraigh bheantaigh

Comhdhéanamh, líonmhaireacht agus struchtúr aoise an fhána éisc

Eilimintí hidreamoirfeolaíochta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Córas hidreolaíoch

cainníocht agus dinimic an tsreafa uisce

nasc le dobharlaigh screamhuisce

Leanúnachas abhann

Dálaí moirfeolaíocha

éagsúlacht i ndoimhneacht agus i leithead abhann

struchtúr agus substráit ghrinneall na habhann

struchtúr an chreasa bhruachánaigh

Eilimintí fisiceimiceacha ginearálta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Dálaí teirmeacha

Dálaí ocsaiginithe

Salandacht

Stádas aigéadúcháin

Dálaí cothaitheach

1.1.2. Lochanna

Eilimintí bitheolaíocha

Comhdhéanamh, líonmhaireacht agus bithmhais an fhíteaplanctóin

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhlóra uiscigh eile

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhána inveirteabraigh bheantaigh

Comhdhéanamh, líonmhaireacht agus struchtúr aoise an fhána éisc

Eilimintí hidreamoirfeolaíochta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Córas hidreolaíoch

cainníocht agus dinimic an tsreafa uisce

aga cónaithe

nasc leis an dobharlach screamhuisce

Dálaí moirfeolaíocha

éagsúlacht i ndoimhneacht locha

cainníocht, struchtúr agus substráit ghrinneall an locha

struchtúr an chladaigh locha

Eilimintí fisiceimiceacha ginearálta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Trédhearcacht

Dálaí teirmeacha

Dálaí ocsaiginithe

Salandacht

Stádas aigéadúcháin

Dálaí cothaitheach

1.1.3. Uiscí trasdultacha

Eilimintí bitheolaíocha

Comhdhéanamh, líonmhaireacht agus bithmhais an fhíteaplanctóin

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhlóra uiscigh eile

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhána inveirteabraigh bheantaigh

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhána éisc

Eilimintí hidreamoirfeolaíochta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Dálaí moirfeolaíocha

éagsúlacht i ndoimhneacht

cainníocht, struchtúr agus substráit an ghrinnill

struchtúr an chreasa idirthaoidigh

Córas taoidí

sreabhadh fionnuisce

neamhchosaint ar thonn

Eilimintí fisiceimiceacha ginearálta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Trédhearcacht

Dálaí teirmeacha

Dálaí ocsaiginithe

Salandacht

Dálaí cothaitheach

1.1.4. Uiscí cósta

Eilimintí bitheolaíocha

Comhdhéanamh, líonmhaireacht agus bithmhais an fhíteaplanctóin

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhlóra uiscigh eile

Comhdhéanamh agus líonmhaireacht an fhána inveirteabraigh bheantaigh

Eilimintí hidreamoirfeolaíochta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Dálaí moirfeolaíocha

éagsúlacht i ndoimhneacht

struchtúr agus substráit an ghrinnill cósta

struchtúr an chreasa idirthaoidigh

Córas taoidí

treo na sruthanna ceannasacha

neamhchosaint ar thonn

Eilimintí fisiceimiceacha ginearálta a thacaíonn leis na heilimintí bitheolaíocha

Trédhearcacht

Dálaí teirmeacha

Dálaí ocsaiginithe

Salandacht

Dálaí cothaitheach.’;

- (2) i bpointe 1.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Eilimintí cáilíochta fisiceimiceacha’:

‘Eilimintí ginearálta cáilíochta fisiceimiceí

Gné	Stádas ard	Stádas maith	Stádas measartha
Dálaí ginearálta	Comhfhreagraíonn luacha na n-eilimintí ginearálta fisiceimiceacha go hiomlán nó beagnach go hiomlán do dhálaí neamhshuaite. Fanann tiúcháin cothaitheach laistigh den ghnáthraon atá bainteach le dálaí neamhshuaite. Ní thaispeántar comharthaí na suaiteachta antrapaiginí sna leibhéil salandachta, pH, cothromaíocht na hocsaigne, cumas neodraithe aigéad agus teocht; agus fanann siad laistigh den ghnáthraon atá bainteach le dálaí neamhshuaite.	Ní bhaineann an teocht, cothromaíocht na hocsaigne, an pH, an cumas neodraithe aigéad agus an tsalandacht amach leibhéil atá lasmuigh den raon a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais chineálsonraigh a áirithiú agus leis na luachanna thuas-sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n-eilimintí cáilíochta bitheolaíche. Ní sháraíonn tiúcháin cothaitheach na leibhéil a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais a áirithiú agus leis na luachanna	Dálaí atá comhsheasmhach le baint amach na luachanna thuas-sonraithe le haghaidh na n-eilimintí cáilíochta bitheolaíche.’;

		thuas- sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.	
--	--	--	--

- (3) i bpointe 1.2.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Eilimintí cáilíochta fisiceimiceacha’:

‘Eilimintí ginearálta cáilíochta fisiceimiceacha’

Gné	Stádas ard	Stádas maith	Stádas measartha
Dálaí ginearálta	Comhfhreagraíonn luachanna na n- eilimintí ginearálta fisiceimiceacha go hiomlán nó beagnach go hiomlán do dhálaí neamhshuaite. Fanann tiúcháin cothaitheach laistigh den ghnáthraon atá bainteach le dálaí neamhshuaite. Ní thaispeántar comharthaí na suaiteachta antrapaiginí sna leibhéil salandachta, pH, cothromaíocht na hocaigine, cumas neodraithe aigéad, trédhearcacht agus teocht; agus fanann siad laistigh den ghnáthraon atá bainteach le dálaí neamhshuaite.	Ní bhaineann an teocht, na cothromaíocht na hocaigine, an pH, an cumas neodraithe aigéad, an trédhearcacht agus an tsalandacht amach leibhéil atá lasmuigh den raon a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais chineálsonraigh a áirithiú agus leis na luachanna thuas- sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche. Ní sháraíonn tiúcháin cothaitheach na leibhéil a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais a áirithiú agus leis na luachanna thuas- sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.	Dálaí atá comhsheasmhach le baint amach na luachanna thuas- sonraithe le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.’;

- (4) i bpointe 1.2.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Eilimintí cáilíochta fisiceimiceacha’:

‘Eilimintí ginearálta cáilíochta fisiceimiceacha’

Gné	Stádas ard	Stádas maith	Stádas measartha
Dálaí ginearálta	Comhfhreagraíonn na heilimintí ginearálta fisiceimiceacha go hiomlán nó beagnach go hiomlán do dhálaí neamhshuaite.	Ní bhaineann an teocht, na dálaí ocsaiginithe agus an trédhearcacht amach leibhéil atá lasmuigh de na raonta a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais a	Dálaí atá comhsheasmhach le baint amach na luachanna thuas- sonraithe le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.’;

	Fanann tiúcháin áirithiú agus leis na cothaitheach laistigh den luachanna thuas- sonraithe ghnáthraon atá bainteach le bhaint amach le haghaidh dálaí neamhshuaite. na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche. Ní thaispeántar comharthaí den suaitheadh. Ní sháraíonn tiúcháin antrapaigineach sa teocht, i cothaitheach na leibhéil a gcothromaíocht na bhunaítear le feidhmiú an hocsaigine agus sa éiceachórais a áirithiú agus trédhearcacht, agus tá siad leis na luachanna ag fanacht laistigh den thuas- sonraithe a bhaint ghnáthraon atá bainteach le amach le haghaidh na dálaí neamhshuaite. n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.	
--	--	--

- (5) i bpointe 1.2.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Eilimintí cáilíochta fisiceimiceacha’:

‘Eilimintí ginearálta cáilíochta fisiceimiceacha’

Gné	Stádas ard	Stádas maith	Stádas measartha
Dálaí ginearálta	Comhfhreagraíonn na heilimintí ginearálta fisiceimiceacha go dtéann siad le hiomlán nó beagnach go dtéann siad le hiomlán do dhálaí neamhshuaite. Fanann tiúcháin cothaitheach laistigh den ghnáthraon atá bainteach le dálaí neamhshuaite. Ní thaispeántar comharthaí den suaitheadh. Ní sháraíonn tiúcháin antrapaigineach sa teocht, i gcothromaíocht na hocsaigine agus sa trédhearcacht, agus tá siad ag fanacht laistigh de na gnáthraonta atá bainteach le dálaí neamhshuaite.	Ní bhaineann an teocht, na dálaí ocsaiginithe agus an trédhearcacht amach leibhéil atá lasmuigh de na raonta a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais a áirithiú agus leis na luachanna thuas- sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche. Ní sháraíonn tiúcháin cothaitheach na leibhéil a bhunaítear le feidhmiú an éiceachórais a áirithiú agus leis na luachanna thuas- sonraithe a bhaint amach le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.	Dálaí atá comhsheasmhach le baint amach na luachanna thuas- sonraithe le haghaidh na n- eilimintí cáilíochta bitheolaíche.’;

- (6) i bpointe 1.2.5, leasaítear an tábla mar a leanas:
- (a) scriostar an cúigiú sraith don iontráil ‘Truailleáin shonracha shintéiseacha’;
 - (b) scriostar an séú sraith don iontráil ‘Truailleáin shonracha neamhsintéiseacha’;
 - (c) scriostar an seachtú sraith do nóta tábla (1);
- (7) scriostar pointe 1.2.6;

- (8) i bpointe 1.3, cuirtear isteach an ceathrú agus an cúigiú mír seo a leanas:

‘I gcás ina mbaineann an líonra faireacháin le faire na cruinne agus an chianbhraiteacht seachas pointí samplála logánta, nó le teicnící nuálacha eile, áireofar ar an léarscáil den líonra faireacháin faisnéis maidir leis na heilimintí cáilíochta agus na dobharlaigh nó na grúpaí dobharlach ar a ndearnadh faireachán le modhanna faireacháin den sórt sin. Déanfar tagairt do CEN, ISO, agus caighdeáin idirnáisiúnta nó náisiúnta eile a cuireadh i bhfeidhm lena áirithiú go mbíonn na sonraí ama agus spásúla a fhaightear chomh hiontaofa agus na cinn a fhaightear trí mhodhanna faireacháin traidisiúnta a úsáid ag pointí samplála logánta.

Féadfaidh Ballstáit modhanna samplála éighníomhacha a chur i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar thruailleáin cheimiceacha, i gcás inarb iomchuí, go háirithe ar mhaithe le cuspóirí scagtha, ar an gcoinníoll nach ndéantar gannmheastachán leis na modhanna samplála sin ar thiúchain na dtruailléan a bhfuil feidhm ag caighdeáin cáilíochta comhshaoil maidir leo, agus ‘teip chun stádas maith a bhaint amach’ a shainaithint go hiontaofa, agus go ndéantar anailís cheimiceach ar shamplaí uisce, bithra nó dríodair, de réir na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a chuirtear i bhfeidhm, cibé áit ina mbreathnaítear teip den sórt sin. Féadfaidh Ballstáit modhanna samplála bunaithe ar éifeacht a chur i bhfeidhm freisin faoi réir na ndálaí céanna.’;

- (9) i bpointe 1.3.1., an mhír dheireanach, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Roghnú eilimintí cáilíochta’:

‘Roghnú na n-eilimintí cáilíochta

Déanfar an faireachán faireachais le haghaidh gach suíomh faireacháin go ceann thréimhse 1 bhliain amháin le linn na tréimhse a chumhdaítear le plean bainistíochta abhantraí. Cumhdófar leis an bhfaireachán faireachais an méid seo a leanas:

- (a) paraiméadair lena dtásctar gach eilimint cáilíochta bitheolaíche;
- (b) paraiméadair lena dtásctar gach eilimint cáilíochta hidreamoirfeolaíochta;
- (c) paraiméadair lena dtásctar gach eilimint cáilíochta fisiceimicí;
- (d) truailléin ar an liosta tosaíochta a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile amach san abhantrach nó san fho-abhantrach;
- (e) truailléin eile a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile i gcainníochtaí suntasacha san abhantrach nó san fho-abhantrach.

I gcás inar léiríodh sa chleachtadh faireacháin faireachais roimhe seo gur shroich an dobharlach stádas maith áfach, agus nach bhfuil aon fhianaise ón athbhreithniú faoi thionchar na gníomhaíochta daonna dá dtagraítear in Iarscríbhinn II go bhfuil athrú tagtha ar na tionchair ar an dobharlach, déanfar an faireachán faireachais uair amháin le linn na tréimhse a chlúdaítear le trí phlean bainistíochta abhantraí as a chéile.’;

- (10) leasaítear pointe 1.3.2 mar a leanas:

‘(a) sa tríú mír, ‘Roghnú na suíomhanna faireacháin’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Déanfar faireachán oibríochtúil le haghaidh na ndobharlach sin uile a shainaithnítear ar bhonn an mheasúnaithe tionchair a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn II nó an fhaireacháin faireachais de bheith i mbaol na mainneachtana a gcuspóir comhshaoil a chomhlíonadh de réir Airteagal 4 agus le haghaidh na ndobharlach sin a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile substaintí ar an liosta tosaíochta amach iontu nó a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile truailléáin a bhaineann go sonrach le habhantrach amach iontu i gcainníochtaí suntasacha.;

(b) sa cheathrú mír, ‘Roghnú na n- eilimintí cáilíochta’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

‘– gach substaint tosaíochta a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile amach i ndobharlaigh agus gach truailléán a bhaineann go sonrach le habhantrach a sceitear nó a dheasctar ar bhealach eile amach i ndobharlaigh i gcainníochtaí suntasacha.’;

(11) i bpointe 1.3.4, an tábla, an séú sraith faoin gceannteideal ‘Fisiciceimiceach’, cuirtear ‘Truailléáin a bhaineann go sonrach le habhantrach’ in ionad na bhfocal ‘Truailléáin eile’;

(12) leasaítear pointe 1.4.1 mar a leanas:

(a) i bpointe (vii), scriostar an dara habairt.;

(b) scriostar pointe (viii);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ix):

‘(ix) Torthaí an chleachtaidh idirchalabrácháin agus na luachanna a bhunaítear le haghaidh aicmí chóras faireacháin an Bhallstáit i gcomhréir le pointí (i) go (viii), foilseofar laistigh de 6 mhí iad ó ghlacadh an ghnímh tharmligthe i gcomhréir le hAirteagal 20.’;

(13) i bpointe 1.4.2, scriostar pointe (iii);

(14) i bpointe 1.4.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Taifeadfar baint amach stádais mhaithe cheimicigh i ndobharlach i gcás inar comhlíontach le gach caighdeán cáilíochta comhshaoil é a shocraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus leis na caighdeáin cáilíochta comhshaoil a bhunaítear de bhun Airteagail 8 agus 8d den Treoir sin.’;

(15) i bpointe 2.2.1., cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘I gcás ina mbaineann modhanna faire na cruinne nó cianbhraiteachta seachas pointí samplála logánta leis an líonra faireacháin, nó ina mbaineann teicnící nuálacha eile leis, déanfar tagairt do CEN, ISO, nó do chaighdeáin idirnáisiúnta nó náisiúnta eile a cuireadh i bhfeidhm lena áirithiú go mbíonn na sonraí ama agus spásúla a fhaightear chomh hiontaofa agus na cinn a fhaightear trí mhodhanna faireacháin traidisiúnta a úsáid ag pointí samplála logánta.’;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3.2:

‘2.3.2. Sainiú ar stádas maith ceimiceach screamhuisce

Gnéithe	Stádas maith
Ginearálta	Ciallaíonn cineál an chomhdhéanaimh cheimicigh atá ag an docharlach screamhuisce nach ndéanann na dtiúchan truailléán:

	— mar a shonraítear thíos, éifeachtaí a thaispeáint ó ionsána sáile ná eile — na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a shárú, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, na luachanna tairisí le haghaidh thruailléin screamhuisce agus tháscairí truaillithe a shocraítear de bhun Airteagal 3(1), pointe (b), den Treoir sin agus de luachanna tairisí ar fud an Aontais a shocraítear de bhun Airteagal 8(3) den Treoir sin — difríocht go mainneofaí dá dtoradh na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach a shonraítear faoi Airteagal 4 le aghaidh uiscí dromchla gaolmhara ná go ndéanfar aon laghdú suntasach ar cháilíocht éiceolaíochta nó cheimiceach dobharlach den sórt sin ná go ndéanfar aon damáiste suntasach d'éiceachórais talún a bhraitheann go díreach ar an dobharlach screamhuisce
Seoltacht	Ní tásc ar an tsalandacht ná ar ionsá eile amach sa dobharlach screamhuisce iad athruithe sa tseoltacht’;

(17) i bpointe 2.4.1., cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘I gcás ina mbaineann faire na cruinne nó an chianbhraiteacht seachas pointí samplála logánta leis an líonra faireacháin, nó ina mbaineann teicnící nuálacha eile leis, déanfar tagairt do CEN, ISO, nó do chaighdeáin idirnáisiúnta nó náisiúnta eile a cuireadh i bhfeidhm lena áirithiú go mbíonn na sonraí ama agus spásúla a fhaightear chomh hiontaofa agus na cinn a fhaightear trí mhodhanna faireacháin traidisiúnta a úsáid ag pointí samplála logánta.’;

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.4.5:

2.4.5. Léirmhíniú agus cur i láthair stádas ceimiceach an screamhuisce

Agus measúnú á dhéanamh ar stádas ceimiceach an screamhuisce, déanfar torthaí na bpointí faireacháin aonair laistigh de dhobharlach screamhuisce a chomhiomlánú don dobharlach ina iomláine. Déanfar meánluach thorthaí an fhaireacháin ag gach pointe sa dobharlach screamhuisce nó sa ghrúpa dobharlach a ríomh le haghaidh na bparaiméadar seo a leanas:

(a) paraiméadair cheimiceacha dá bhfuil caighdeáin cháilíochta socraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE;

(b) paraiméadair cheimiceacha dá bhfuil tairseacha náisiúnta socraithe de bhun Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2006/118/CE;

(c) paraiméadair cheimiceacha dá bhfuil tairseacha ar fud an Aontais socraithe de bhun Airteagal 8(3) de Threoir 2006/118/CE.

Úsáidfear na meánluachanna dá dtagraítear sa chéad mhír chun comhlíontacht le stádas maith screamhuisce a léiriú, a shainítear faoi threoir na gcaighdeán cáilíochta agus na luachanna tairisí dá dtagraítear sa chéad mhír.

Faoi réir pointe 2.5, soláthróidh Ballstáit léarscáil de stádas ceimiceach an screamhuisce, arna dathchódú mar a leanas:

Go maith: glas

Go dona: dearg

Tabharfaidh Ballstáit le fios trí phonc dubh ar an léarscáil freisin, na dobharlaigh screamhuisce sin atá faoi réir threocht shuntasach agus mharthanach suas ó thaobh tiúchain d'aon truaileán atá de thoradh tionchar na gníomhaíochta daonna. Is le ponc gorm ar an léarscáil a thabharfar iompú treochta le fios.

Cuirfear na léarscáileanna seo san áireamh leis na pleananna bainistíochta abhantraí.’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 2000/60/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10:

‘10. Ábhair ar fuaidreamh, lena n- áirítear micreaphlaistigh/nanaphlaistigh.’;

(2) cuirtear isteach pointe 13:

‘13. Miocrorgánaigh, géinte nó ábhar géiniteach ina léirítear láithreacht miocrorgánach atá frithsheasmhach in aghaidh oibreáin fhrithmhiocróbacha, go háirithe miocrorgánaigh atá pataigineach don duine nó don bheostoc.’.

IARSCRÍBHINN III

IARSCRÍBHINN I

CAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA SCREAMHUISCE (QS)

Nóta 1: Beidh feidhm ag QS do na truailléain a liostaítear faoi iontrálacha 3 go 7 ó... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], leis an aidhm stádas ceimiceach maith uisce a bhaint amach ar a dhéanaí faoin 22 Nollaig 2033.

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
[Iontráil] Uimhir	Ainm na substainte	Catagóir substaintí	Uimhir CAS ⁽¹⁾	Uimhir AE ⁽²⁾	Caighdeán Cáilíochta ⁽³⁾ [µg/l mura dtugtar a mhalairt le fios]
1	Níotráití	Cothaithigh	neamhbhainteach	neamhbhainteach	50 mg/l
2	Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilití, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha ⁽⁴⁾	Lotnaidicídí	neamhbhainteach	neamhbhainteach	0.1 (aonair)
					0.5 (iomlán) ⁽⁵⁾
3	Substaintí sárfluarailcile agus pholafluarailcile (PFAS) – suim na 24 ⁽⁶⁾	Substaintí tionsclaíocha	Féach an nóta le tábla 6	Féach an nóta le tábla 6	0.0044 ⁽⁷⁾
4	Carbamasaipín	Earraí cógaisíochta	298-46-4	neamhbhainteach	0,25
5	Sulfaimeatocsasól	Earraí cógaisíochta	723-46-6	neamhbhainteach	0,01
6	Substaintí cógaisíochta	Earraí cógaisíochta	neamhbhainteach	neamhbhainteach	0,25

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
	gníomhacha – iomlán ⁽⁸⁾				
7	Meitibilítí neamhbhartha na lotnaidicídí (nrManna)	Lotnaidicídí	neamhbhaint each	neamhbhainte ach	0,1 ⁽⁹⁾ nó 1 ⁽¹⁰⁾ nó 2,5 nó 5 ⁽¹¹⁾ (aonair) 0,5 ⁽⁹⁾ nó 5 ⁽¹⁰⁾ nó 12.5 ⁽¹¹⁾ (iomlán) ⁽¹²⁾

- (1) CAS: Uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha.
- (2) Uimhir AE: Fardal Eorpach de Shubstaintí Ceimiceacha Tráchtálacha Reatha (EINECS) nó Liosta Eorpach na Substaintí Ceimiceacha faoina dTugtar Fógra (ELINCS).
- (3) Sloinntear an paraiméadar QS mar mheánluach bliantúil. Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm aige maidir le comhchruinniú iomlán na substaintí agus na n- isiméirí uile.
- (4) Ciallaíonn ‘lotnaidicídí’ táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithicídí dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídí a chur ar fáil sa mhargadh agus a úsáid, faoi seach.
- (5) Ciallaíonn ‘iomlán’ suim na lotnaidicídí aonair a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin, lena n- áirítear a meitibilítí, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha.
- (6) Tagraítear leis seo do na comhdhúile seo a leanas, a liostaítear in éineacht lena n- uimhir CAS, uimhir AE agus Fachtóir Neartúlachta Coibhneasta (RPF): Aigéad sárfluarochtánóch (PFOA) (CAS 335-67-1, AE 206-397-9) (RPF 1), Aigéad sulfónach sárfluarochtáin (PFOS) (CAS 1763-23-1, AE 217-179-8) (RPF 2), Aigéad sulfónach sárfluaraiheacsáin (PFHxS) (CAS 355-46-4, AE 206-587-1) (RPF 0,6)), Aigéad sárfluaranaonánóch (PFNA) (CAS 375-95-1, AE 206-801-3) (RPF 10), Aigéad sulfónach sárfluarabútáin (PFBS) (CAS 375-73-5, AE 206-793-1) (RPF 0,001), Aigéad sárfluaraiheacsánóch (PFHxA) (CAS 307-24-4, AE 206-196-6) (RPF 0,01), Aigéad sárfluarabútánóch (PFBA) (CAS 375-22-4, AE 206-786-3) (RPF 0,05), Aigéad sárfluaraipeantánóch (PFPeA) (CAS 2706-90-3, AE 220-300-7) (RPF 0,03), Aigéad sulfónach sárfluaraipeantáin (PFPeS) (CAS 2706-91-4, AE 220-301-2) (RPF 0,3005), Aigéad sárfluaraiheacsánóch (PFDA) (CAS 335-76-2, AE 206-400-3) (RPF 7), Aigéad sárfluaraiheacsánóch (PFDoDA nó PFDoA) (CAS 307-55-1, AE 206-203-2) (RPF 3), Aigéad sárfluaradóideacsánóch (PFUnDA nó PFUnA) (CAS 2058-94-8, AE 218-165-4) (RPF 4), Aigéad sárfluaraiheaptánóch (PFHpA) (CAS 375-85-9, AE 206-798-9) (RPF 0,505), Aigéad sárfluaraitrideacsánóch (PFTrDA) (CAS 72629-94-8, AE 276-745-2) (RPF 1,65), Aigéad sulfónach sárfluaraiheaptáin (PFHpS) (CAS 375-92-8, AE 206-800-8) (RPF 1,3), Aigéad sulfónach sárfluaraiheacsáin (PFDS) (CAS 335-77-3, AE 206-401-9) (RPF 2), Aigéad sárfluaraitrideacsánóch (PFTeDA) (CAS 376-06-7, AE 206-803-4) (RPF 0,3), Aigéad sárfluaraiheicsideacsánóch (PFHxDA) (CAS 67905-19-5, AE 267-638-1) (RPF 002), Aigéad sárfluarochtaideacsánóch (PFODA) (CAS 16517-11-6, AE 240-582-5) (RPF 0,02), Amóiniam sárfluar (2-meitil-3-ocsáiheicseanóit) (HFPO-DA nó Gen X) (CAS 62037-80-3) (RPF 0,06), Aigéad Própánóch / Amóiniam 2,2,3-trifluara-3-(1,1,2,2,3,3-heicseafluara-3-(trifluaraimeatocsa)própocsa)própánóit(ADONA) (CAS 958445-44-8) (RPF 0,03), 2- Alcól (Sárfluarochtail)aitile (6:2 FTOH) (CAS 647-42-7, AE 211-477-1) (RPF 0,02), 2-(Sárfluarochtail)eatánóil (8:2 FTOH) (CAS 678-39-7, AE 211-648-0) (RPF 0,04) agus Aigéad aicéiteach / 2,2-défluara-2-((2,2,4,5-teitrefluara-5-(trifluaraimeatocsa)-1,3-dé- ocsalan-4-il)ocsa)-(C6O4) (CAS 1190931-41-9) (RPF 0,06).
- (7) Tagraítear le QS do shuim na 24 PFAS a liostaítear i bhfonóta 6 a shloinntear mar choibhéisí PFAS ar bhonn neartúlachtaí na substaintí i gcoibhneas le neartúlacht PFOA, i.e. na RPFanna i bhfonóta 6.
- (8) Ciallaíonn ‘iomlán’ suim gach earra cógaisíochta aonair a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin, lena n- áirítear gach meitibilít agus táirge díghrádúcháin ábhartha.
- (9) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar bheagán sonraí, i.e. nrManna nach bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa maidir le héifeachtaí géara ná ainsealacha ar fáil dóibh i ndáil leis an ngrúpa tacsanomaíochta a ndéantar tuar muiníneach gurb é is íogaire.

- (¹⁰) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar mhéid réasúnta sonraí, i.e. nrManna dá bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa ar fáil i ndáil leis an ngrúpa tacsanomaíochta a ndéantar tuar muiníneach gurb é is íogaire, ach i gcás nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ann chun na substaintí a cháiliú mar ‘ar mhórán sonraí’.
- (¹¹) Is infheidhme maidir le nrManna atá ar mhórán sonraí, i.e. nrManna dá bhfuil sonraí turgnamhacha iontaofa ar fáil, a fhaightear trí mhodhanna malartacha ar a ndéantar bailíochtú eolaíochta, maidir le héifeachtaí ainsealacha nó géara an nrManna ar speiceas amháin ar a laghad de gach alga, d’inveirteabraigh, agus d’éisc, rud a cheadaíonn do dheimhniú muiníneach an ghrúpa tacsanomaíochta is íogaire, agus dár féidir QS a ríomh trí chur chuige cinntitheach a úsáid a bhunaítear ar shonraí tocsaineachta ainsealacha iontaofa faoin ngrúpa tacsanomaíochta sin; Féadfaidh Ballstáit an treoraíocht is déanaí a chur i bhfeidhm chun na críche sin a bhunaítear faoi chuimsiú na Comhstraitéise Cur chun Feidhme um Threoir 2000/60/CE (Treoir dhoiciméad Uimh. 27, arna thabhairt cothrom le dáta). Beidh feidhm ag QS 2.5 do nrManna aonair murab airde é QS a ríomhtar leis an gcur chuige cinntitheach, ina mbeidh feidhm ag QS 5 sa chás sin.
- (¹²) Ciallaíonn ‘iomlán’ suim gach nrM aonair i ngach catagóir sonraí a bhraitear agus a chainníochtaítear sa nós imeachta faireacháin.

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE mar a leanas:

(1) i gcuid A, cuirtear isteach an mhír seo a leanas tar éis na chéad mhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh údaráis inniúla an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ECHA ar an eolas faoi luachanna tairsí maidir le truailléain agus táscairí truaillithe. Foilseoidh ECHA an fhaisnéis sin gan mhoill.’;

(2) i gcuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Substaintí sintéiseacha de dhéantús an duine

Primeadón

Tríchlóireitiléin

Teitreaclóireitiléin’

(3) i gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Faisnéis atá le soláthar ag Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na truailléain agus a dtáscairí dá bhfuil luachanna tairsí bunaithe ag na Ballstáit’;

(4) cuirtear leis Cuid D seo a leanas:

‘Cuid D

Taisclann de luachanna tairsí comhchuibhithe le haghaidh thruailléain screamhuisce ar ábhar inní ar bhonn náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil iad

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
[Iontráil] Uimh ^{ir}	Ainm na substainte	Catagóir substaintí	Uimhir CAS ⁽¹⁾	Uimhir AE ⁽²⁾	Luach tairsí [µg/l mura dtugtar a mhalairt le fios]
1	Tríchlóireitiléin agus Teitreaclóireitiléin (suim an dá cheann)	Substaintí tionsclaíocha	79-01-6 agus 127- 18-4	201-167-4 agus 204- 825-9	10 (iomlán) ⁽³⁾

⁽¹⁾ CAS: Uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha.

⁽²⁾ Uimhir AE: Fardal Eorpach de Shubstaintí Ceimiceacha Tráchtálacha Reatha (EINECS) nó Liosta Eorpach na Substaintí Ceimiceacha faoina dTugtar Fógra (ELINCS).

⁽³⁾ Ciallaíonn ‘Iomlán’ suim na dtiúchan de Thríchlóireitiléin agus Teitreaclóireitiléin

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘CAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA COMHSHAOIL (EQS) UM SHUBSTAINTÍ TOSAÍOCHTA IN UISCÍ DROMCHLA’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid A:

‘CUID A: CAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA COMHSHAOIL

Nóta 1: I gcás ina liostaítear EQS idir [], tá an luach sin faoi réir a dheimhnithe i bhfianaise na tuairime arna hiarraidh ón gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn.

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)	(9)	(10)	(11)	(12)	(13)
-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	-----	------	------	------	------

[Iontráil] Uimh.	Ainm na substainte	Catagóir substaintí	Uimhir CAS ⁽¹⁾	Uimhir AE ⁽²⁾	AA- EQS ⁽³⁾ Uiscí dromchla intíre ⁽⁴⁾ [µg/l]	AA- EQS ⁽³⁾ Uiscí dromchla eile [µg/l]	MAC- EQS ⁽⁵⁾ Uiscí dromchla intíre ⁽⁴⁾ [µg/l]	MAC- EQS ⁽⁵⁾ Uiscí dromchla eile [µg/l]	EQS Bithra ⁽⁶⁾ [fliuchmheáchan µg/kg] nó Dríodar EQS [µg/kg i meáchan tirim] i gcás ina dtásctar amhlaidh	Sainaithean r mar shubstaint ghuaiseach tosaíochta í	Sainaithean ar mar shubstaint Mharthanach, Bhithcharnach agus Thocsaineach atá Uileálaitheach (uPBT) í	Sainaithean tear mar shubstaint le claonadh chun carnadh i ndríodar agus/nó i mbithra í
(1)	Bogadh an tsubstaint Alaclór chuig Cuid C d'Iarscríbhinn II											
(2)	Antraicéin	Substaintí tionsclaíocha	120-12-7	204-371-1	0,1	0,1	0,1	0,1		X		X
(3)	Atraisín	Luibhicídí	1912-24-9	217-617-8	0,6	0,6	2,0	2,0				
(4)	Beinséin	Substaintí tionsclaíocha	71-43-2	200-753-7	10	8	50	50				
